READ MÓR

## Déan féirín na léitheoireachta a roinnt

#OneNightForAll

#OícheDárSaol

#ReadMór

# Fáilte go dtí an Léamh Mór

Is fada linn go gcuire muid fáilte romhaibh chuig an tionscadal bronnta, An Léamh Mór, ár mbronntanas daoibh ar Oíche Chultúir 2023.

Bhí rath mór ar An Léamh Mór nuair a seoladh é den chéad uair in 2022, táimid an bhródúil a bheith ag obair i gcomhar le hÉire Shláintiúil de chuid an FSS chun Oíche Chultúir a thabhairt don dream nach mbeidh in ann a bheith ann ar an oíche. Tabharfar os cionn 3,600 leabhar d'othair agus baill foirne i seacht n-ospidéal ar fud na tíre agus cuimseofar leis na leabhair, liosta de 29 teideal le cuid de na scríbhneoirí Éireannacha is fearr.

Is iad Laureate i gcomhair Ficsean Éireannach 2022-2024, Colm Tóibín; Laureate na nÓg 2020-2023, Áine Ní Ghlinn; Laureate na nÓg 2023-2026, Patricia Forde agus Ollamh Filíochta na hÉireann, Paul Muldoon a roghnaigh na leabhair do Léamh Mór 2023.

Tá an áthas orainn a bheith ag tacú leis an nGaeilge, le scríbhneoirí, foilsitheoirí agus díoltóirí leabhar neamhspleácha Éireannacha nó atá lonnaithe in Éirinn chomh maith leis an dream sin ar fad a chur chun cinn freisin. Tá súil againn go mbainfidh tú sásamh as bheith ag léamh ar mhaithe le d'fholláine, agus go leanfaidh tú ort ag fiosrú na héagsúlachta agus an tsaibhris a bhaineann le litríocht in Éirinn agus go roinnfidh tú pléisiúr na léitheoireachta le daoine eile ar an gcaoi sin.


**Maureen Kennelly**
**STIÚRTHÓIR, AN CHOMHAIRLE EALAÍON**

#OneNightForAll #OícheDárSaol #ReadMór

the arts council an chomhairle ealaíon
OÍCHE CHULTÚIR
Healthy Ireland

READ MÓR

Déan féirín na léitheoireachta a roinnt




## I Don't Want to Talk About Home


***Suad Aldarra***

Is é *I Don't Want to Talk About Home* an chéad chuimhne cinn a foilsíodh a bhí ag bean as an tSiria, áit a raibh cogadh i mbarr a réime ann, baineann an chuimhne cinn leis an mbean ag éalú na Siria lena fear céile Palaistíneach-Siriach in 2012, ach ní raibh stádas dlíthiúil aici mar iarrthóir tearmainn ná mar theifeach riamh. Is cuimhne cinn í seo faoi chumha i ndiaidh baile atá imithe, faoi thosú as an nua as smionagar, agus tú féin a chur ar do sheanléim agus tú ag tabhairt aghaidh ar shaol nua. Is tuairisc shuntasach, léirsteanach agus ionraic ar thuras Suad Aldarra chun teacht slán, agus saoránacht a bhaint amach in Éirinn faoi dheireadh.

**Seánra** | *Cuimhní Cinn*

**Lucht féachana** | *Ginearálta*

**LÁITHREÁN GRÉASÁIN AN ÚDAIR**




## The Singularities


***John Banville***

Is é ceann de na carachtair is cáiliúla a chuireann tús leis an leabhar, carachtar darb ainm Freddie Montgomery tar éis dó a bheith scaoilte amach as an bpríosún, is úrscéal spraíúil, casta é faoi chumha, faoin saol, faoin mbás agus faoi theoiric an chandaim. Is úrscéalaí, scríbhneoir scáileáin, drámadóir agus athbhreithneoir leabhar é John Banville a bhfuil duaiseanna buaite aige (Duais Man Booker, Duais Austrian State le haghaidh na Litríochta, Kafka Prize, Dámhachtain Irish PEN agus Dámhachtain Prince of Asturias). D'oibrigh sé i réimse na hiriseoireachta le blianta fada agus ba é eagarthóir liteartha ag *The Irish Times* ó 1988 go dtí an bhliain 2000.

**Seánra** | *Ficsean*

**Lucht féachana** | *Ginearálta*

**LÁITHREÁN GRÉASÁIN AN ÚDAIR**




## The Slug and the Snail


***Oein DeBhairduin (arna mhaisiú ag Olya Anima)***

Téann dhá dhrúchtín ag taisteal le chéile nó go gcastar préachán orthu agus fiafraíonn sé díobh cá bhfuil siad ina gcónaí. Tagann náire ar cheann de na drúchtíní, déanann sé blaosc dó féin, agus tugann sé seilide air féin. Leanann an deartháir eile ar aghaidh mar atá sé. Tá an scéal fréamhaithe i dtraidisiún béil atá ag Lucht Siúil na hÉireann faoi fhéiniúlacht, faoi fhéin-inghlacthacht agus faoi bhealaí eile le féachaint ar an saol. Is údar, gníomhaí agus oideoir é Oein DeBhairduin a bhfuil duaiseanna buaite aige, agus bhuaigh sé dámhachtain darb ainm Judges' Special Award ag Leabhair Pháistí Éireann 2021 as *Why the Moon Travels*.

**Seánra** | *Leabhair do leanaí*

**Lucht féachana** | *Leanaí (4-8)*

**LÁITHREÁN GRÉASÁIN AN ÚDAIR**




## Edith

***Martina Devlin***

Is úrscéal stairiúil é seo bunaithe ar shaol Edith Somerville faoin gcáil atá ar 'Somerville and Ross' – údair The Irish R.M. Tá cor cinniúnach roimh Somerville san úrscéal seo le linn na tréimhse corraithí i Neamhspleáchas na hÉireann 1921–22 agus í ag streachailt chun caoi a choinneáil ar Drishane House, teach muintire in Iarthar Chorcaí, agus daoine eile á ndó amach as a gcuid tithe i gcaitheamh an ama. I measc na nduaiseanna ar fad a bhuaigh Martina Devlin, tá Duais V.S. Pritchett de chuid Chumann Ríoga na Litríochta agus Duais Litríochta Hennessy. Cuireann sí an podchraol adh City of Books i láthair, a urraíonn an Chomhairle Ealaíon agus a dtacaíonn Cathair Litríochta UNESCO Bhaile Átha Cliath agus Músaem Litríochta na hÉireann leis.

**Seánra** | *Ficsean Stairiúil*

**Lucht féachana** | *Ginearálta*

**LÁITHREÁN GRÉASÁIN AN ÚDAIR**




## Exciting Times


***Naoise Dolan***

Is é seo an chéad úrscéal a scríobh Naoise Dolan, úrscéal iontach faoin ngrá comhaimseartha, atá domhain agus thar a bheith cliste araon. Is easaoránach mílaoiseach í Ava a bhogann go Hong Cong chun sonas a fáil sa saol, agus titeann sí isteach i dtriantán grá le baincéir fireann agus dlíodóir baineann ag an am céanna. Is scríbhneoir Éireannach í Naoise Dolan, a rugadh i mBaile Átha Cliath. Ba leabhar sárdhíola é *Exciting Times* in The Sunday Times a aistríodh go forleathan agus a cuireadh in eagar don teilifís. Cuireadh *Exciting Times* ar an ngearrliosta le haghaidh Gradaim Leabhar An Post agus le haghaidh Leabhar na Bliana de chuid Waterstones sa bhliain 2020.

**Seánra** | *Ficsean*

**Lucht féachana** | *Ginearálta*

**LÁITHREÁN GRÉASÁIN AN ÚDAIR**




## Haven

***Emma Donoghue***

Tá an leabhar Haven, faoi na manaigh a tháinig go Sceilg Mhichíl sa seachtú haois. Is sagart agus scoláire é Artt, a raibh brionglóid aige a d'inis dó an áit a raibh sé ina chónaí ann a fhágáil ina dhiaidh. Creideann sé gur fís atá ann atá ag tabhairt treoir dó chun dul ar chúrsa spioradálta manachúil i bhfad i gcéin ar an gcarraig iontach sceirdiúil seo. Is scríbhneoir í Emma Donoghue as Baile Átha Cliath a bhfuil duaiseanna buaite aici, agus tá sí ina cónaí i gCeanada anois. Ainmníodh í le haghaidh Duais Acadaimh agus le haghaidh BAFTA as ucht an athchóiriú a rinne sí ar an leabhar sárdhíola idirnáisiúnta Room a cuireadh ar ghearrliosta.

**Seánra** | *Ficsean Stairiúil*

**Lucht féachana** | *Ginearálta*

**LÁITHREÁN GRÉASÁIN AN ÚDAIR**




## Muireann agus na Deilfeanna

***Malachy Doyle (arna mhaisiú ag Andrew Whitsun)***


Is é seo an séú leabhar sa tsraith Muireann ina dtugann Muireann aghaidh ar an bhfarraige i ndingí beag a thóg a hathair, atá ina iascaire agus a mhúineann di cén chaoi le seoladh. Níorbh fhada go raibh sí seoladh agus na deilfeanna lena taobh. Nuair a théann ceann de na deilfeanna i bhfostú in eangach, tagann Muireann i gcabhair ar an deilf. Ach céard a tharlóidh nuair is Muireann a dteastóidh an chabhair uaithi? Tá os cionn 70 leabhar scríofa ag Malachy Doyle do pháistí agus tá sé ina chónaí i nDún na nGall.

**Seánra** | *Leabhair do leanaí*

**Lucht féachana** | *Leanaí (3-6)*

*Leabhar i nGaeilge*

**LÁITHREÁN GRÉASÁIN AN ÚDAIR**




## The Amusements

***Aingeala Flannery***


Is bailiúchán scéalta é seo atá nasctha go garbh lena chéile. Faightear léargas ar an saol i mbaile beag cois farraige i dTrá Mhór, casaimid leis an déagóir áitiúil Helen Grant agus lena páirtí ranga Stella Swaine. Breathnaítear ar na saintréithe a bhaineann le háit agus leis na daoine atá ina gcónaí inti thar thréimhse tríocha bliain sa leabhar *The Amusements*, agus breathnaítear ar an scéal faoi mhuintireacha Grant agus Swaine agus a gcomharsana. Rugadh Aingeala Flannery i bPort Láirge, is iriseoir, craoltóir agus scríbhneoir í a bhfuil duaiseanna buaite aici. Foilsíodh an leabhar seo i mí an Mheithimh 2022, an chéad leabhar a scríobh Aingeala Flannery, agus cuireadh ar an ngearrliosta é do Ghradaim Leabhar na hÉireann 2021.

**Seánra** | *Gearrscéal*

**Lucht féachana** | *Ginearálta*

**LÁITHREÁN GRÉASÁIN AN ÚDAIR**

Déan féirín na léitheoireachta a roinnt




## Nothing Special

***Nicole Flattery***

Faigheann déagóir post mar chlóscríobhaí i Stiúideo Monarchan Andy Warhol, atá ina ealaíontóir, agus tosaíonn sí ag clóscríobh comhráite a ndearnadh leabhar díobh darb ainm A Novel in 1968. Is scéal é seo faoi theacht in aois atá suite sna 1960idí i Nua Eabhrac agus is é bunchloch an chéad úrscéil seo a scríobh Nicole Flattery, Nothing Special. Is scéal é seo faoi chairdeas, neamhspleáchas agus chaoi a gcruthaítear ealaín agus féiniúlacht. D'fhás Nicole Flattery aníos ar an Muileann gCearr agus tá cáil uirthi as ucht na ngearrscéalta atá scríofa aici. Bhí a saothar le feiceáil in *The New York Times, the London Review of Books* agus in *Sight & Sound Magazine.*

**Seánra** | *Ficsean*

**Lucht féachana** | *Aosach Óg*

**LÁITHREÁN GRÉASÁIN AN ÚDAIR**




## The Pages


***Hugo Hamilton***

Is úrscéal iomlán bunúil é *The Pages* ina n insítear an scéal faoi leabhar Joseph Roth, Rebellion. Tugadh an leabhar seo slán ó dhó leabhar Naitsíoch i mBeirlín i mí na Bealtaine 1933 go dtí an lá inniu, agus déanann sé plé ar cheisteanna a bhaineann le cinsireacht, le cos ar bolg agus le foréigean. Is mar úrscéalaí agus mar dhrámadóir a, bhuaigh Hugo Hamilton as Baile Átha Cliath go leor duaiseanna idirnáisiúnta, lena n-áirítear Prix Femina Etranger na Fraince agus scoláireacht DAAD i mBeirlín, chomh maith leis an Bundesverdienstkreutz a bhfuil ardmheas air, a bhronn Stát na Gearmáine air dá thuiscint ar an ilchineálacht chultúrtha.

**Seánra** | *Ficsean Stairiúil / Ficsean*

**Lucht féachana** | *Ginearálta*

**LÁITHREÁN GRÉASÁIN AN ÚDAIR**




## Trespasses

***Louise Kennedy***

Is scéal é seo faoi bhean óg Chaitliceach atá ina cónaí i dTuaisceart Éireann go deireanach sna 1970idí a thosaíonn ag siúl amach le fear Protastúnach atá i bhfad níos sine ná í agus tá sí i ngalar na gcás idir a dílseacht dá pobal agus a paisean contúirteach. Sular thosaigh sí ag scríobh, chaith Louise Kennedy beagnach tríocha bliain ag obair mar chócaire. Is é Trespasses an chéad leabhar a scríobh sí agus bhuaigh sé Úrscéal na Bliana le Eason ag Gradaim Leabhar An Post agus cuireadh ar an ngearrliosta é le haghaidh Debut Fiction Prize de chuid Waterstones agus Barnes & Noble Discover Prize.

**Seánra** | *Ficsean*

**Lucht féachana** | *Ginearálta*

**LÁITHREÁN GRÉASÁIN AN ÚDAIR**



## Eat or We Both Starve

***Victoria Kennefick***

Tarraingítear na léitheoirí isteach sa mhéid a bhfuil taithí acu air – teach muintire, béile roinnte, na nósanna a bhaineann le hócáid stairiúil, fonn – téann an cnuasach dána filíochta i ngleic leis an gcaoi chun glacadh leis an méid a tharla san am a caitheadh agus gan a bheith ag iarraidh greim a fháil ar d'aiféala. Is é *Eat or We Both Starve* an chéad leabhar a scríobh an file Victoria Kennefick, agus tá roinnt duaiseanna buaite ag an leabhar, lena n áirítear Duais an Chéad Chnuasach 2022, Leabhair Filíochta Is Fearr de chuid Irish Times in 2021 agus Leabhar na Bliana Sunday Independent 2021. Rugadh Kennefick i gCorcaigh agus bhí a saothar ar churaclam na hArdteiste in 2023.

**Seánra** | *Filíocht*

**Lucht féachana** | *Ginearálta*

**LÁITHREÁN GRÉASÁIN AN ÚDAIR**

READ MÓR

Déan féirín na léitheoireachta a roinnt

## Catfish Rolling




***Clara Kumagai***


Is é seo an chéad úrscéal a scríobh Clara Kumagai faoi dhuine óg atá suite i ndiaidh chrith talún na Seapáine in 2011. Baineann an scéal seo le teacht in aois, agus cuimsítear leis téamaí faoin fhéiniúlacht, caidrimh, briseadh croí agus an éiceolaíocht agus cuirtear i láthair iad i saol na miotas, an bhéaloidis agus an réalachais draíochta sa tSeapáin. Is as Ceanada, as an tSeapáin agus as Éirinn í Clara Kumagai. D'fhoilsigh sí idir scéalta ficsin agus neamhfhicsin do pháistí agus do dhaoine fásta. Fuair sí an Mheantóireacht darb ainm We Need Diverse Books (le Nicola Yoon) agus ba iomaitheoir sa bhabhta ceannais í don Dámhachtain Jim Wong-Chu Emerging Writers in 2020.

**Seánra** | *Ficsean*

**Lucht féachana** | *Aosach Óg*

**LÁITHREÁN GRÉASÁIN AN ÚDAIR**

## Blank Pages and Other Stories




***Bernard MacLaverty***

Is cnuasach é seo ina bhfuil dhá scéal déag iontacha a bhreathnaíonn ar théamaí inaitheanta MacLaverty a bhaineann leis an ngrá sa bhaile, leis an gCaitliceachas, na Trioblóidí agus dul in aois. Léirítear sna scéalta an léargas agus an chomhbhá, chomh maith leis an mbuanseasmhacht atá ag spiorad an duine. Rugadh Bernard MacLaverty i mBéal Feirste agus tá cúig úrscéal foilsithe aige agus sé chnuasach gearrscéalta a bhfuil formhór acu curtha le chéile in Collected Stories (2013). Tá leaganacha dá chuid ficsin scríofa aige do mheáin eile amhail drámaí raidió, drámaí teilifíse, scripteanna scáileáin agus libretti. Is é *Blank Pages*, a foilsíodh i mí Lúnasa 2021, an séú cnuasach gearrscéalta dá chuid.

**Seánra** | *Gearrscéal*

**Lucht féachana** | *Ginearálta*

**LÁITHREÁN GRÉASÁIN AN ÚDAIR**

## An Slipéar Gloine




***Fearghas Mac Lochlainn (arna mhaisiú ag Paddy Donnelly)***

Is athinsint dhraíochtach agus spraíúil é den scéal cáiliúil Cinderella le Luaithrín, cailín suáilceach agus díograiseach a gcuireann a leasmháthair Camilla isteach uirthi, agus tá beirt deirfiúracha aici a dtugtar Straoisín agus Smaoisín orthu. Tá Fearghas Mac Lochlainn ag cur faoi i nGaillimh, agus is é a bhuaigh Gradam Réics Carló 2022, Dámhachtain an Oireachtais agus Dámhachtain Speisialta na Moltóirí ag Dámhachtainí Leabhair Pháistí Éireann KPMG agus cuireadh ar an ngearrliosta é le haghaidh Chatagóir na bPáistí sna Dámhachtainí Foilsithe, Leabhar Gaeilge na Bliana.


**Seánra** | *Leabhair do leanaí*

**Lucht féachana** | *Leanaí (3-6)*

*Leabhar i nGaeilge*

**LÁITHREÁN GRÉASÁIN AN ÚDAIR**

## A Girl Is A Half-formed Thing




***Eimear McBride***

Tá an scéal seo suite faoin tuath in Éirinn, agus baineann sé leis na rudaí uafásacha a tharlaíonn do chailín óg agus í sna déaga, tá deartháir aici a bhfuil meall san inchinn aige ina óige. Bíonn siad ag streachailt leo chun normáltacht éigin a bhaint amach sa saol tar éis mí-úsáid ghnéis, séanta, agus anoird sa bhaile. D'fhás Eimear McBride aníos in Iarthar na hÉireann agus is é seo an chéad úrscéal léi a bhain duais amach (Duais na mBan le haghaidh Ficsin, Goldsmiths Prize, Geoffrey Faber Memorial Prize, Desmond Eliot Prize i measc duaiseanna eile) a foilsíodh den chéad uair in 2013. Rinne Annie Ryan oiriúnú air ó shin don stáitse agus léiríodh é i mBaile Átha Cliath, Dún Éideann, Londain agus Nua Eabhrac.

**Seánra** | *Ficsean*


**Lucht féachana** | *Ginearálta*

**LÁITHREÁN GRÉASÁIN AN ÚDAIR**

READ MÓR

Déan féirín na léitheoireachta a roinnt

OÍCHE CHULTÚIR




## The Book of Trivialities

***Majed Mujed (arna aistriú ag Kareem James Abu-Zeid)***

Cnuasach filíochta le file Iarácach cáiliúil darb ainm Majed Mujed, atá ina chónaí in Éirinn anois, baineann an cnuasach leis na tírdhreacha dochracha d'áilleacht, de chumha, de chúrsaí polaitíochta agus de fhrithsheasmhacht i dtír atá i mbun cogaidh. Scríobhadh an leabhar san Arabais den chéad uair, teanga dhúchais an fhile, agus is é an t-aistritheoir mór le rá Kareem James Abu-Zeid a d'aistrigh focail Majed go Béarla. Is leabhar dátheangach é seo dá chuid féin é an leabhar seo ina ndéantar machnamh ar chuir chuige chomhoibríocha agus chruthaitheacha na scríbhneoirí agus na n aistritheoirí a bhí ag obair idir cultúir dhifriúla. Tá roinnt dámhachtainí buaite ag Majed as ucht a chuid oibre ó Al Mada Cultural Foundation, ó Iraqi House of Wisdom agus ón gComhairle Ealaíon.

**Seánra** | *Filíocht*

**Lucht féachana** | *Ginearálta*

**LÁITHREÁN GRÉASÁIN AN ÚDAIR**




## Eoinín agus a Chairde

***Muireann Ní Chíobháin (arna mhaisiú ag Roísín Hahessy)***


Tá Eoinín ag súil go mór lena chéad lá ar scoil. Ach níl aithne aige ar aon duine san áit nua seo! Is scéal spraíúil idirghníomhach é, a mbainfidh páistí óga sásamh as agus iad ag tabhairt cúnamh d'Eoinín socrú isteach ar scoil. Is scríbhneoir scripte scannáin, cruthaitheoir agus taibheoir í Muireann Ní Chíobháin, agus déanann sí speisialtóireacht ar an scríbhneoireacht don lucht féachana óg. Is í cruthaitheoir agus Príomhscríbhneoir na sraitheanna RTÉjr 'Dig In Diner' agus 'Mr. Mender and The Chummyjiggers'.

**Seánra** | *Leabhair do leanaí*

**Lucht féachana** | *Leanaí (0-3)*

*Leabhar i nGaeilge*

**LÁITHREÁN GRÉASÁIN AN ÚDAIR**




## The Fifty Minute Mermaid

***Nuala Ní Dhomhnaill (arna aistriú ag Paul Muldoon)***


Foilsíodh an leabhar seo mar théacs comhthreomhar i nGaeilge agus i mBéarla, cuimsítear le The Fifty Minute Mermaid, íomhá de mhaighdeana mara, ag féachaint ar a bhfuil i ndán dóibh. Leanann an scéal na conair agus na tairseacha go dtí saol eile, Talamh faoi Thonnta, tumann an fhilíocht isteach go ríocht na miontas, na samhlaíochta agus na sícé. Tá Nuala Ní Dhomhnaill ar dhuine de na scríbhneoirí Gaeilge is cáiliúla agus tá go leor scoláireachtaí, duaiseanna agus sparánachtaí bainte amach aici. Ba í Ollamh Filíochta na hÉireann í ó 2001 go dtí 2004 agus ba í an chéad Ollamh le Filíocht Ghaeilge.

**Seánra** | *Filíocht*

**Lucht féachana** | *Ginearálta*

*Téacs comhthreomhar i nGaeilge agus Béarla*

**LÁITHREÁN GRÉASÁIN AN ÚDAIR**




## The Sackville Street Caper

***Alan Nolan***

Tá an scéal seo suite i mBaile Átha Cliath in 1858. Tá Bram Stoker (an té a scríobh Dracula níos déanaí) aon bhliain déag d'aois agus éalaíonn sé ó scoil chónaithe ag tóraíocht eachtraíochta (agus rud éigin le scríobh faoi). Casann sé le Molly Malone, gadaí ar chúla téarmaí agus ceannaí éisc páirtaimseartha. Téann siad timpeall na cathrach, agus cumann siad plean chun Rísheoda Chaisleán Bhaile Átha Cliath a ghoid. Ní mór dóibh aghaidh a thabhairt ar an gCunta olc darb ainm Vladimir. Tá Alan Nolan lonnaithe i gCill Mhantáin agus is é údar agus maisitheoir go leor leabhar. Reáchtálann sé ceardlanna maisiúcháin agus scríbhneoireachta do pháistí.

**Seánra** | *Leabhair do leanaí*


**Lucht féachana** | *Leanaí (10+)*

**LÁITHREÁN GRÉASÁIN AN ÚDAIR**

READ MÓR

Déan féirín na léitheoireachta a roinnt

OÍCHE CHULTÚIR




## Trouble

***Philip Ó Ceallaigh***

Is bailiúchán gearrscéalta nua é seo le Philip Ó Ceallaigh agus is machnamh é ar leochaileacht an duine agus ceistiú macánta ar ghrá, a gcaillteanais agus a bhuanna, agus ar na bealaí aisteacha ina dtugann sé cuspóir agus fiúntas dúinn sa saol. Scríobhann agus aistríonn Ó Ceallaigh gearrscéalta agus tá sé ina chónaí i mBúcairist, sa Rómáin. Bronnadh an Duais Rooney air do Litríocht Éireannach as ucht an chéad leabhair a scríobh sé darb ainm *Notes from a Turkish Whorehouse*.

**Seánra** | *Gearrscéal*

**Lucht féachana** | *Ginearálta*

**LÁITHREÁN GRÉASÁIN AN ÚDAIR**




## My Father's House


***Joseph O'Connor***

Tá an scéal seo darb ainm *My Father's House* suite sa Róimh, áit a bhfuil na Naitsithe i gceannas ann i lár an Dara Cogadh Domhanda agus tá an scéal seo bunaithe ar imeachtaí sa saol seo. Leanann an t úrscéal ficsin staire seo an Moinsíneoir Hugh O'Flaherty agus a chomhphháirtithe, a chuir a mbeatha i mbaol chun teacht i gcabhair ar dhaoine eile, agus iad ag smugláil trúpaí de chuid na gComhghuaillithe agus Giúdaigh amach as an Iodáil in 1943. Is údar agus drámadóir é Joseph O'Connor a bhfuil duaiseanna buaite aige agus foilsíodh a chuid ficsin i 40 teanga. Is é *My Father's House* an t ochtú leabhar déag dá chuid. Tá ról aige mar Chathaoirleach Frank McCourt de Scríbhneoireacht Chruthaitheach ag Ollscoil Luimnigh.

**Seánra** | *Ficsean Stairiúil*

**Lucht féachana** | *Ginearálta*

**LÁITHREÁN GRÉASÁIN AN ÚDAIR**




## Cad a Chuirfeadh Sceon ar Leon?

***Rossa Ó Snodaigh (arna mhaisiú ag Wayne O'Connor)***


Is leabhar pictiúr é seo do pháistí ina dtugtar freagraí greannmhara ar an gceist phráinneach 'Céard a chuirfeadh eagla ar leon?' Is é seo an tríú leabhar a scríobh Rossa do pháistí agus is é Dara Ó Briain a léann an leagan closleabhair mar aon le ceol sa chúlra le Caitríona Frost agus an t údar (atá mar bhall den Kíla) agus mar aon le roinnt mhaith éifeachtaí fuaime agus crónán imníoch an leoin bhoicht. Tá aistriúchán Béarla ar fáil ag cúl an leabhair.

**Seánra** | *Leabhair do leanaí*

**Lucht féachana** | *Leanaí (6-10)*

*Leabhar i nGaeilge*

**LÁITHREÁN GRÉASÁIN AN ÚDAIR**




## Bandit Country

***James Conor Patterson***

Scríobhadh an leabhar seo sa teanga choiteann a fhaightear ar theorainn na hÉireann, agus tá meascán de Shráid an Iúir agus de Ghaeilge na hAlban. Tugann an chéad chnuasach seo dá chuid cuntas ar fhear óg le linn dó a bheith ag tabhairt aghaidh ar thailte na teorann idir Tuaisceart Éireann agus Poblacht na hÉireann. Foilsíodh an leabhar seo in 2022, a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar áit nua agus ar dhaoine nua go faiteach agus ar na fálta agus teorainneacha móra buana a gcaithfimid machnamh a dhéanamh orthu le chéile agus go beo. Rugadh James Conor Patterson san Iúr a bhfuil an dámhachtain Eric Gregory bainte amach aige.

**Seánra** | *Filíocht*

**Lucht féachana** | *Ginearálta*

**LÁITHREÁN GRÉASÁIN AN ÚDAIR**

READ MÓR

Déan féirín na léitheoireachta a roinnt

OÍCHE CHULTÚIR




## All this happened, more or less


***Jayne A. Quan***

Is é seo an chéad chnuasach aistí scríofa ag Jayne A. Quan, ina bhfuil greann ionraic faoi rudaí tábhachtacha sa saol agus faoi aistriú saoil. Is leabhar é seo ina bpléitear leis na mothúcháin a bhaineann le caillteanas, briseadh croí, cuimhne agus cumhacht an ghrá agus an leighis, agus déantar iniúchadh sa leabhar ar an méid a chaithfear a dhéanamh chun glacadh leis an bhfírinne agus chun áit a bhaint amach duit féin i saol nach bhfuil aon bhealach faoi leith i ndán duit. Is Meiriceánach-Áiseach í Jayne a chaith seal in Éirinn, ag déanamh staidéir in Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath. Cuireadh ar an ngearrliosta iad do Dhuais Neamhfhicsin Cosmonauts Avenue in 2019.

**Seánra** | *Cnuasach aistí*

**Lucht féachana** | *Ginearálta*

**LÁITHREÁN GRÉASÁIN AN ÚDAIR**




## Some Integrity

***Padraig Regan***

Bhuaigh an file Padraig Regan Dámhachtain Eric Gregory as ucht a chnuasaigh iomláin filíochta Some Integrity, is saothar úr é d'ealaín filíochta, ina ndéantar iniúchadh ar choimhthíos mar bhealach chun rud a mheas, dearcadh. Cuireadh an leabhar ar na ngearrliosta le haghaidh Forward Prize as ucht an Chéad Bhailiúcháin Liteartha is Fearr in 2022, ba é a bhuaigh Dámhachtain Lambda Literary le haghaidh Filíocht Aerach 2023 agus ba é a bhuaigh Duais Clarissa Luard in 2021, tugann an bailiúchán seo spreagadh do léitheoirí aghaidh a thabhairt ar an saol ón tús. Rugadh i mBéal Feirste iad, agus is iad a fuair 2020 Irish Chair den Duais Sparánachta Filíochta.

**Seánra** | *Filíocht*

**Lucht féachana** | *Ginearálta*

**LÁITHREÁN GRÉASÁIN AN ÚDAIR**




## Inis Mara

***Tristan Rosenstock***


Bhí muintir Inis Mara ríméadach agus bhain siad sásamh as an saol. Ach nuair a cheaptar Santóir mar cheannaire, is cuma leis faoin timpeallacht agus is é a dhéanann dochar don oileán agus do na daoine ina gcónaí ann. Is oileánach dána óg í Éabha a dhéanann cinneadh gabháil leis an aisteoireacht. Tá an scéal nua aoiseach eachtraíochta seo dírithe ar an athrú aeráide, a chuireann an tábhacht le bheith ag obair as lámha a chéile i gcuimhne dúinn. Is craoltóir le RTÉ Raidió na Gaeltachta agus eagarthóir liteartha le Comhar é Tristan Rosenstock agus is é Inis Mara an chéad leabhar dá chuid do pháistí.

**Seánra** | *Leabhair do leanaí*

**Lucht féachana** | *Leanaí (10-14)*

*Leabhar i nGaeilge*

**LÁITHREÁN GRÉASÁIN AN ÚDAIR**




## The Fox's Tower


***Sam Thompson (arna mhaisiú ag Anna Tromop)***

Leanann Willow na sionnaigh agus créatúr atá cosúil le mac tíre isteach sa choill tar éis a hathair a fheiceáil ag tabhairt grá do na hainmhithe, ach ansin, fuadaítear Willow. Is é The Fox's Tower an dara leabhar in Wolfstongue Saga (2021) ina dtéann cailíní agus na mic tíre atá mór léi i ngleic le holcas na sionnach atá i bhfeighil na foraoise. Cuireadh ar an liosta fada é do na Dámhachtainí de chuid British Science Fiction Association. An Leabhar is Fearr do Léitheoirí Óga. Tá Sam Thompson lonnaithe i mBéal Feirste agus is údar é a scríobh dhá úrscéal do pháistí chomh maith le roinnt leabhar do dhaoine fásta.

**Seánra** | *Leabhair do leanaí*

**Lucht féachana** | *Leanaí (9-11)*

**LÁITHREÁN GRÉASÁIN AN ÚDAIR**




## Raised Among Vultures

***Molly Twomey***

Is é an chéad chnuasach filíochta a scríobh Molly Twomey ina dtugtar cuntas ar an stair a bhaineann le neamhoird itheacháin agus le coimhlintí inchinne. Is iad seo na tuarascálacha is fairsinge a fhaightear ó thearmainn an aois óig, 'oícheanta / a bhíothas óltach leis na boic atá deacair a thabhairt chun cuimhne, / nach ndéanfaimis dearmad orthu go brách.' Is as Port Láirge í Molly Twomey, agus is í a scríobh *Raised Among Vultures*, leabhar a bhuaigh Dámhachtain Southword Debut Collection Poetry, leabhar a cuireadh ar an ngearrliosta le haghaidh Duais Filíochta de chuid Southword Debut Collection le haghaidh Duais Filíochta Seamus Heaney don Chnuasach is Fearr, agus don Dámhachtain Filíochta Farmgate National. Ba é leabhar na bliana dar le The Irish Times.

**Seánra** | *Filíocht*

**Lucht féachana** | *Ginearálta*

**LÁITHREÁN GRÉASÁIN AN ÚDAIR**